C/2025/2815

21.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2815)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Monzinger Niederberg'

PDO-DE-02363-AM01 — 7.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Monzinger Niederberg'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Bundesministerium für Ernährung und Landwirtschaft [An Aireacht Chónaidhme Bia agus Talmhaíochta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' toisc nach leasú ar leibhéal an Aontais é dá dtagraítear in Airteagal 24(3)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2024/1143.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)*

Tuairisc:

An méid a cuireadh isteach: I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh neart alcóil iomlán an fhíona ina bhfuil saintréithe ar leith a bheith níos mó ná 15 %. Tá teorainn curtha le neart alcóil iomlán Kabinett agus Spätlese.

Méadaíodh na leibhéil íosta aigéadachta.

Tagann an leasú faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' toisc nach leasú ar leibhéal an Aontais é dá dtagraítear in Airteagal 24(3)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Tá athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202500027).

Cúiseanna:

Leasaíodh Cuid II, pointe 1(c), an dara fleasc, d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le Rialachán (AE) 2017/2393 an 13 Nollaig 2017. Maidir leis an riail lena luaitear gur féidir an teorainn uasta le haghaidh neart alcóil iomlán a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte i gcás fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a táirgeadh gan saibhriú, nó nár saibhríodh ach amháin le próisis tiúchana páirtí a liostaítear i bpointe 1 de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII, rinneadh an riail sin a fhorlíonadh leis na focail seo a leanas: 'ar choinníoll go gceadaítear an fhéidearthacht sin leis an tsonraíocht táirge i gcomhad teicniúil an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint lena mbaineann'. Ní mór breis a chur leis an tsonraíocht táirge.

Tá teorainn le neart alcóil iomlán fhíonta Kabinett agus Spätlese a bhfuil saintréithe ar leith iontu chun a ngnáthéadroime a chaomhnú.

Méadaíodh na leibhéil íosta aigéadachta chun ginealach Riesling na bhfíonta is gá a choimirciú.

2. *Eile*

Tuairisc:

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin gach athrú a léiríonn an reachtaíocht atá ann faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair nó an sliocht ábhartha a scriosadh.

I. Ceimic anailíseach:

Rinneadh an tagairt d'Airteagal 26 de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 a aisghaireadh a thabhairt cothrom le dáta le tagairt d'Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34.

Meáchan íosta úrfhíona:

Athraíodh an abairt 'Tá fíonta Auslese, Beerenauslese, Eiswein agus Trockenbeerenauslese a bhfuil saintréithe ar leith iontu faoi réir méid íosta níos airde úrfhíona a rialaítear i gcomhréir le hAcht na Gearmáine um Fhíon.' go dtí 'Seachas sin, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.'

Neart alcóil iarbhír:

Athraíodh an abairt 'Beerenauslese, Eiswein agus Trockenbeerenauslese: 5,5 % ar a laghad de réir toirte' go 'Seachas sin, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.', mar a léirítear an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil iomlán:

Mar thoradh ar an teorannú ar neart alcóil iomlán Kabinett agus Spätlese agus ar chur isteach na féidearthachta gur féidir an neart alcóil iomlán fíonta a bhfuil saintréithe ar leith iontu a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte i gcásanna áirithe, scriosadh an abairt 'Rialaithe i gcomhréir le hAcht na Gearmáine um Fhíon.'.

Aigéadacht luaineach uasta:

Athraíodh an abairt 'Rialaithe i gcomhréir le hAcht na Gearmáine um Fhíon.' go 'Tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.'

Cion iomlán dé-ocsaíde sulfair:

Athraíodh an abairt 'Rialaithe i gcomhréir le hAcht na Gearmáine um Fhíon.' go 'Tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.'

Téarmaí traidisiúnta:

An abairt a leanas: Athraíodh 'Leagtar síos sonraíocht na bhfíonta ina bhfuil saintréithe ar leith in Acht na Gearmáine um Fhíon.' go 'Leagtar síos sonraíocht na bhfíonta ina bhfuil saintréithe ar leith sa reachtaíocht atá ann faoi láthair.'

Tagann an leasú faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' toisc nach leasú ar leibhéal an Aontais é dá dtagraítear in Airteagal 24(3)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Tá athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú.

Cúiseanna:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Monzinger Niederberg

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe. úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Fíon ar ardchaighdeán*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll agus péitseog.

Blas: Bíonn na fíonta galánta i gcónaí, agus bíonn blasanna d'úll mín agus de thorthaí citris agus a mbíonn mianracht shoiléir i gceist leo. Bíonn blas tirim orthu i gcónaí.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 10,3 % de réir toirte agus 78° Oechsle.

Is é 25 g/l an méid siúcra iarmharaigh uasta, ar choinníoll go bhfuil an aigéadacht iomlán arna sloinneadh in g/l d'aigéad tartarach 7,2 g/l ar a laghad. Má tá sé níos lú ná 7,2 g/l, is é 18 g/l an méid siúcra iarmharaigh uasta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

2. *Fíon Kabinett ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog.

Blas: Bíonn na fíonta galánta i gcónaí, agus bíonn blasanna d'úll mín agus de thorthaí citris, mianracht shoiléir agus milseacht fhíneálta ann.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 10,3 % de réir toirte agus 78° Oechsle.

Méid siúcra iarmharaigh: 25 g/l ar a laghad

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 12.5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

3. *Fíon Spätlese ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog.

Blas: Bíonn na fíonta galánta i gcónaí, agus bíonn blasanna d'úll mín agus de thorthaí citris, mianracht shoiléir agus méid éagsúil milseachta ann.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Méid siúcra iarmharaigh: 40 g/l ar a laghad

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 13.5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

4. *Fíon Auslese ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog.

Blas: Bíonn fíonta Auslese ard ó thaobh milseachta de agus is léir iontu tionchar *Botrytis cinerea* (lobhadh uasal), rud atá inmhianaithe sa chás seo, trína ndea-bholaithe meala agus rísíní.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon Auslese ina bhfuil saintréithe ar leith a bheith níos airde ná 15 %.

Méid siúcra iarmharaigh 60 g/l ar a laghad.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

5. *Fíon Beerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog, mil, rísíní.

Blas: Bíonn fíonta Beerenauslese ard ó thaobh milseachta de agus is léir iontu tionchar *Botrytis cinerea* (lobhadh uasal), rud atá fíor-riachtanach sa chás seo, trína ndea-bholaithe meala agus rísíní.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon Beerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

Méid siúcra iarmharaigh: 90 g/l ar a laghad

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

6. *Fíon Eiswein ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog.

Blas: Baineann blasanna glana torthaí le fíonta Eiswein nach mbíonn ruainnín Botrytis le brath orthu. Bíonn leibhéal ard milseachta agus aigéadachta gonta iontu.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon Eiswein ina bhfuil saintréithe ar leith a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

Méid siúcra iarmharaigh: 90 g/l ar a laghad

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

7. *Fíon Trockenbeerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith*

Cuma: Is fíonta geala amháin iad na fíonta, atá saor ó mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: Torthaí citris, úll, péitseog, mil, rísíní.

Blas: Bíonn fíonta Trockenbeerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith ard ó thaobh milseachta de agus is léir iontu tionchar *Botrytis cinerea* (lobhadh uasal), rud atá fíor-riachtanach sa chás seo, trína ndea-bholaithe meala agus rísíní.

Bíonn fíonta Trockenbeerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith ard ó thaobh milseachta de agus, trína ndea-bholaithe meala agus rísíní, is léir iontu tionchar fíor-riachtanach *Botrytis cinerea* (lobhadh uasal), rud a fhágann go seargann na fíonchaora cosúil le rísíní.

Na luachanna anailíse a liostaítear thíos, nach mór a chinneadh trí bhíthin anailís fhisiceach agus cheimiceach i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/34, is luachanna ceangailteacha iad nach mór a chomhlíonadh chun go n-úsáidfidh na fíonta an t-ainmniúchán.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíonta Trockenbeerenauslese ina bhfuil saintréithe ar leith a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

Méid siúcra iarmharaigh: 120 g/l ar a laghad

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mg/l): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór nach n-aibeoidh na fíonta ach amháin i gcoimeádáin atá neodrach ó thaobh an bhlais de den chuid is mó. Ceadaítear bairillí darach clasaiceacha mura féidir an dea-bholadh adhmaid a eascraíonn as a aithint san fhíon, nó mura bhfuil ach blas discréideach air. Ní cheadaítear dea-bholaithe adhmaid ar léir uathu gur úsáideadh bairillí beaga nua ag a bhfuil toilleadh faoi bhun 600 lítear (e.g. cascaí de chineál *barrique*).

Ní cheadaítear dí-alcólú páirteach, tiúchan ná úsáid sliseanna darach. Tá toirmeasc ar an stoc milis a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

Fíonta ar ardchaighdeán agus gach fíon ina bhfuil saintréithe ar leith:

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn Monzinger Niederberg limistéir fíonsaothrúcháin thraidisiúnta phobal fíonsaothrúcháin Monzingen, suite ar an bhfána a bhfuil a aghaidh ó dheas idir baile Monzingen agus an tslí amach as an B 41 i dtreo Nussbaum. Ní áirítear leis na limistéir ó dheas den B 41, ná na limistéir réasúnta cothrom (fána <15 %) ar ardchlár an tsléibhe.

San iomlán, cumhdaíonn limistéar ATFC Monzinger Niederberg 27,5543 ha.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Weißer Riesling – Klingelberger, Riesling, Rheinriesling, Riesling Renano, Riesling renano

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Ginearálta: Tagraíonn 'Monzinger Niederberg' do limistéir fíonsaothrúcháin thraidisiúnta phobal fíonsaothrúcháin Monzingen (réigiún saothraithe Nahe) atá suite ar an bhfána a bhfuil a aghaidh ó dheas idir baile Monzingen agus an tslí amach i dtreo Nussbaum. Ní áirítear leis na limistéir ó dheas den B 41, ná na limistéir ar ardchlár an tsléibhe.

Geolaíocht: Is ithir iarmharach í an ithir atá i gceist ó Fhoirmíocht Waderner Schichten, comhcheirtleán a sil-leagadh sa limistéar thart ar 280 milliún bliain ó shin. Ní féidir é sin a fháil ach amháin i ngleann Nahe agus i gcodanna de Saarland. Fiú i ngleann Nahe, níl ach cúpla áit ann ina ngobann Foirmíocht Waderner Schichten amach agus ina bhfuil tionchar chomh láidir céanna aici ar an ithir agus atá in Monzinger Niederberg. Tá Foirmíocht Waderner Schichten comhdhéanta den chuid is mó de sceall agus grianchloichít, ach tá grianchloch féithe ann freisin. Ar an dromchla, bíonn an comhcheirtleán sin síonchaite, é saibhrithe ag an húmas ar mhéideanna éagsúla. Tá cáil ar ithreacha de chineál slinne agus grianchloichíte amhail Foirmíocht Waderner Schichten as dea-bholaithe citris agus úll a thabhairt go minic d'fhíonta Riesling. Dá bhrí sin, déantar idirdhealú soiléir idir fíonta Monzinger Niederberg agus ithreacha cré doimhne na limistéar fíonsaothrúcháin chomharsanaigh, atá níos suntasaí mar gheall ar a bhfíonta péitseogacha torthaíocha. Áirithítear leis an ithir charraigeach go dtriomaíonn dromchla na hithreach go tapa tar éis na báistí. Dá bhrí sin, titeann an bhogthaise go tapa, rud a chuireann bac ar fhorbairt múscáin nach bhfuiltear a iarraidh.

Coimeádann sé sin an *Botrytis cinerea* – atá inmhianaithe d'fhíonta áirithe a bhfuil saintréithe ar leith iontu– an-íon, rud a chiallaíonn go bhfuil próifíl dea-bholaidh an-ghlan agus an-bheacht ag na fíonta a dhéantar as fíonchaora botraíteasaithe fiú.

Topagrafach: Tá fíonghoirt Monzinger Niederberg suite idir 160 m agus 240 m os cionn leibhéal na farraige.

Ar an bhfána sin a bhfuil a aghaidh ó dheas, tá an meánghrádán os cionn 30 %.

Dá bhrí sin, áirithítear leis an solas gréine láidir go mbíonn Monzinger Niederberg i bhfad níos teo i gcónaí i rith an lae ná limistéir inchomparáide de thalamh cothrom, d'ainneoin a airde a bhíonn neamhfhabhrach uaireanta. Dá bhrí sin, baineann na fíonchaora leibhéal níos airde aibíochta amach, rud a thugann aigéadacht níos ísle agus dea-bholaithe torthaíocha níos aibí do na fíonta.

Aeráid: Tá Monzingen ar cheann de na pobail fíonsaothrúcháin níos fuaire ar Abhainn Nahe. Níos tábhachtaí fós, tá Monzinger Niederberg suite in áit atá dírithe ar an ngrian ar an mbealach is fearr. Dá bhrí sin, téann sé suas go han-tapa i rith an lae. Tá tionchar mór ag na teirmigh air, i.e. sruthanna aeir te a ardaíonn ón ngleann ar laethanta grianmhara agus a théann suas an ithir níos mó. Tá foraois Soonwald suite cúpla ciliméadar níos faide ó thuaidh. San oíche, feidhmíonn sé mar fhoinse nádúrtha fuaraithe. Ós rud é nach nochtar na codanna is fearr den limistéar go díreach do na sruthanna aeir fhuair sin istoíche, éiríonn siad fuar go mall. Faigheann an limistéar thart ar 1 900 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Is é 10 °C an mheánteocht i rith an lae. Tá an difríocht idir teocht an lae agus teocht na hoíche i bhfad níos airde ná mar atá i gcodanna thoir réigiún fáis Nahe. Mar gheall ar an aeráid fíonsaothrúcháin measartha fionnuar, is iondúil go mbíonn fíonta Monzinger Niederberg beagán níos míne ná fíonta ó limistéir fíonóireachta níos teo, go háirithe fíonta Nahe íochtarach.

Bíonn meánfhrasaíocht bhliantúil 570 mm ann, agus titeann 60 % den fhrasaíocht le linn an tséasúir fáis.

Áirithítear leis an bhfrasaíocht bhliantúil réasúnta íseal in éineacht leis an ithir charraigeach, ag a bhfuil acmhainneacht stórála uisce an-teoranta, go bhfanann fíonchaora Monzinger Niederberg beag de ghnáth. Fágann sé sin go bhfuil siad níos saibhre ó thaobh dea-bholaithe de, rud a léirítear sna fíonta.

Tionchair an duine: Tá tionchar an duine bunaithe ar thraidisiún fíonsaothrúcháin a théann siar na céadta blianta. Fástar na fíniúnacha ar threilísí de ghnáth. Go ginearálta, ritheann na rónna fíniúnacha i dtreo thuaidh-theas. Áirithítear leis sin go bhfaigheann na fíonchaora nochtadh maith don ghrian agus d'aeráil cheart.

I dtéarmaí táirgeadh fíonchaor, de réir mar a fhásann na fíniúnacha, is féidir leis an déantóir fíona fíonchaora ar

cháilíocht níos fearr a bhaint amach trí bhearta speisialta coimeádta, amhail na duilleoga a bhaint de na limistéir fíonchaor nó na fíonchaora a thanú. Tá eolas ar na dálaí sonracha aeráide agus geolaíocha, a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, fíor-riachtanach freisin. Go háirithe, le linn na buana, tugtar tábhacht ar leith don roghnúchán. Tá fíonchaora sláintiúla idir glas agus órbhuí an-oiriúnach do tháirgeadh fíonta ar ardchaighdeán agus fíonta Kabinett, Spätlese agus Eiswein ina bhfuil saintréithe ar leith. Maidir le fíonta Auslese, Beerenauslese agus Trockenbeerenauslese a bhfuil saintréithe ar leith iontu, is inmhianaithe tionchar an lobhaidh uasail (*Botrytis cinerea*). In aimsir thirim, is é an fungas sin is cúis le méadú géar ar an meáchan úrfhíona, an tráth céanna a fhoirmíonn dea-bholaithe an-íon de mhil agus rísíní. Maidir le fíonta Eiswein, chomh maith leis an ngá atá leis na fíonchaora a bheith i ndea-shláinte, tá éifeacht chomhchruinnithe nádúrtha an tseaca ríthábhachtach. Úsáideann an déantóir fíona roghnúchán agus dáta na buana, go háirithe, chun a chinneadh ag pointe luath cé na fíonchaora a oireann do na fíonta ar ardchaighdeán nó do na fíonta ina bhfuil saintréithe ar leith. Ina theannta sin, is féidir teicnící éagsúla um choimeád i siléar a úsáid chun an táirge deiridh a mhúnlú. Baineann sé sin leis an méid siúcra iarmharaigh go háirithe, a bhfuil ról tábhachtach aige maidir le fíonta ar ardchaighdeán, fíonta Kabinett agus fíonta Spätlese a idirdhealú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun iad a lipéadú le haon cheann de na téarmaí traidisiúnta thuas atá nasctha leis an ainmniúchán tionscnaimh sin, ní mór gur éirigh leis na fíonta ar ardchaighdeán agus na fíonta ina bhfuil saintréithe speisialta i bpróiseas oifigiúil tástála cáilíochta. Ní mór an uimhir chigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer*/*A.P.-Nummer*) a léiriú ar an lipéad. Cuirtear é sin in áit na baiscuimhreach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein